An Roinn Oideachais
Department of Education

# Scéim Foghlama agus Tacaíochta Covid (CLASS)

## Treoir d'Iar-Bhunscoileanna

Mí Meán Fómhair 2021

## Réamhrá

Cuireann an treoir seo ón Roinn Oideachais creat ar fáil d'iar-bhunscoileanna chun sraith tacaíochtaí a sholáthar do scoláirí ar a raibh an tionchar ba mhó ag Covid. Ba chóir an treoir seo a léamh i dteannta le ciorclán 0045/2021 na Roinne, Scéim Foghlama agus Tacaíochta COVID 19: https://www.gov.ie/ga/ciorclan/9afe4-covid-19-sceim-foghlama-agus-tacaiochta/

Tá acmhainní breise teagaisc á gcur ar fáil d'iar-bhunscoileanna, mar leithdháileadh sealadach aonuaire, don scoilbhliain 2021/2022. Tá uaireanta breise teagaisc spriocdhírithe Covid á gcur ar fáil do gach scoil aitheanta, ónar féidir le scoileanna tacaíocht bhreise teagaisc a sholáthar do scoláirí a bhfuil, dar leo, baol breise cailliúint foghlama agus/nó baol go bhfágfaidh siad an scoil go luath agus/nó go mbeidh siad faoi mhíbhuntáiste oideachasúil mar thoradh ar Covid.

Is iad na torthaí inmhianaithe ná go gcuirfidh scoileanna bearta i bhfeidhm chun tionchar dúnadh scoileanna mar a bhain le Covid in 2020 agus 2021 a mhaolú agus go dtacófar le scoláirí maidir lena bhfolláine a fheabhsú agus dul i ngleic le gnéithe a bhaineann le caillteanas foghlama ionas go mbeidh ar a gcumas a bheith gafa go hiomlán leis an bhfoghlaim sa scoilbhliain 2021/2022.

Tá an treoir seo á cur ar fáil do scoileanna chun mioneolas a sholáthar ar an tslí inar cheart na huaireanta breise teagaisc a úsáid, agus mionsonraí a sholáthar faoi na bearta rialaithe agus maoirseachta cuí atá riachtanach do scoileanna.

## Réasúnaíocht don chlár CLASS

Dúnadh scoileanna thar dhá thréimhse in 2020 agus 2021 agus cé gur tugadh tús áite d'athoscailt scoileanna agus do sholáthar oideachais speisialta a luaithe ab fhéidir, cuireadh as don fhoghlaim ionscoile thar dhá bhliain scoile.

Rinne scoileanna an-iarrachtaí cianteagasc agus cianfhoghlaim a sholáthar le linn thréimhsí dúnta na scoileanna. D'fhéadfadh, áfach, gur mhothaigh roinnt scoláirí, go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais, tionchar an-suntasach dhúnadh na scoileanna. Is cosúil gur threisigh an easpa teagmhála leis na gnáthaimh scoile agus leis an rannpháirtíocht leis an teagasc agus an fhoghlaim an tionchar seo.

Sa scoilbhliain 2021/2022, tá spreagadh á thabhairt do scoileanna trí na hacmhainní breise atá á sholáthar faoin gclár CLASS, chun tacú leis na scoláirí ar a raibh an tionchar ba mhó ag an gcur isteach sa dá scoilbhliain roimhe seo.

## Aidhmeanna an chláir CLASS

Tá sé i gceist go gcuirfeadh soláthar na dtacaíochtaí breise ar chumas scoileanna:

- Tacaíocht teagaisc spriocdhírithe bhreise a sholáthar do na scoláirí is mó a bhí ag streachailt le linn thréimhsí dúnta na scoileanna, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais níos casta acu agus iad siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais
- Rochtain a sholáthar ar thacaíocht bhreise teagaisc do scoláirí eile a bhfuil gá acu anois, mar thoradh ar thionchar COVID-19, le hidirghabháil ghearr spriocdhírithe chun cabhrú leo a bheith gafa arís leis an scoil, leis an bhfoghlaim agus lena gcomhghleacaithe
- Na bearnaí san fhoghlaim, i scileanna, in ullmhacht don fhoghlaim nó i riachtanais foghlama tosaíochta scoláirí a sainaithníodh roimhe seo a aithint agus freagairt dóibh d'fhonn aon chúlú a d'fhéadfadh a bheith san fhoghlaim a mhaolú
- Deis a chruthú chun dea-ghnáthaimh a athbhunú agus a chothabháil a mhéid is féidir ionas gur féidir leis na scoláirí go léir foghlaim go héifeachtach
- Na scileanna riachtanacha a thabhairt do scoláirí ionas go mbíonn rath ar a bhfoghlaim i rith an lae scoile
- Tacú le gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim chun an tionchar diúltach ar fholláine scoláirí a cheartú agus chun mothú sábháilteachta, suaimhnis, éifeachtúlachta agus nascachta a chothú
- Tacú le scoláirí, nuair is gá, chun an mhuinín is gá a chothú iontu athuair ionas gur féidir leo a bheith lánpháirteach san fhoghlaim agus a n-acmhainneacht a bhaint amach.

## Cé na scoláirí ar chóir tacaíocht a thabhairt dóibh tríd an scéim CLASS?

Is iad na scoláirí ar chóir tacaíocht a thabhairt dóibh tríd an scéim CLASS ná iad siúd is mó a ndeachaigh Covid-19 i bhfeidhm orthu.

I scoilbhlianta roimhe seo, bhíodh roinnt scoláirí aitheanta cheana féin ag scoileanna do thacaíochtaí breise agus tosaíocht tugtha dóibh chun freastal ar riachtanais folláine agus foghlama breise. Sa scoilbhliain seo, is féidir a bheith ag súil go dtiocfaidh roinnt scoláirí chun cinn nár aithníodh roimhe seo go raibh tacaíocht bhreise de dhíth orthu. Mar sin d'fhéadfadh raon feidhme CLASS leathnú níos faide ná scoláirí a bhfuil RSO acu agus tá sé tábhachtach go nglacann scoileanna am chun GACH scoláire a bhfuil riachtanais á léiriú acu mar thoradh ar COVID a aithint. B'fhéidir go mbeidh scoláirí i gceist atá aitheanta cheana féin mar aon le scoláirí nua-aitheanta a bhfuil riachtanais acu atá ag teacht chun cinn mar thoradh ar thionchar COVID.

## Conas is féidir le scoileanna riachtanais scoláirí a aithint?


Tá roinnt córas agus próiseas éifeachtach i bhfeidhm ag scoileanna chun scoláirí a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu a aithint, ag céimeanna éagsúla le linn a dtréimhse scolaíochta. Beidh próisis chomhoibrithe seanbhunaithe scoile uile i bhfeidhm cheana féin ag Foireann Tacaíochta Scoláirí na scoile, lena n-áirítear múinteoirí oideachais speisialta (MOSanna) chun scoláirí a shainaithint ar fud an chreata um *Leanúntas Tacaíochta*.

Tá an creat um *Leanúntas Tacaíochta* agus an próiseas mar a bhaineann le *Comhad Tacaíochta an Scoláire* in úsáid cheana féin i scoileanna chun cabhrú le riachtanais scoláirí a aithint, agus mar shamhail réiteach fadhbanna don mheasúnú agus don idirghabháil a chuireann ar chumas scoileanna sonraí a bhailiú agus a anailísiú, mar aon le dul chun cinn scoláirí aonair a phleanáil agus a athbhreithniú, de réir na dTreoirlínte d'Iar-Bhunscoileanna Ag Tacú le Scoláirí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (2017)

[https://www.education.ie/en/The-Education-System/Special-Education/Guidelines-for-Post-Primary-Schools-Supporting-Students-with-Special-Educational-Needs-in-Mainstream-Schools.pdf](https://www.education.ie/en/The-Education-System/Special-Education/Guidelines-for-Post-Primary-Schools-Supporting-Students-with-Special-Educational-Needs-in-Mainstream-Schools.pdf)

Ba chóir do gach scoil na cuir chuige réiteach fadhbanna a leagtar amach sna treoirlínte seo a úsáid chun cuidiú leis an bpróiseas maidir leis na scoláirí sin a aithint a bhfuil na tacaíochtaí breise a sholáthraíonn an clár CLASS de dhíth orthu.

Léirítear an próiseas réiteach fadhbanna mar seo a leanas:




D'fhéadfadh roinnt scoláirí, nár aithníodh roimh Covid go raibh tacaíocht de dhíth orthu nó a bhainfeadh leas as a leithéid, leas a bhaint anois as rochtain ar thacaíochtaí breise teagaisc, ar chúiseanna éagsúla, ar féidir freastal orthu tríd an gclár CLASS. Is iomaí cúis éagsúil a

bhaineann leis na tacaíochtaí sin a sholáthar, agus braitheann siad ar riachtanais agus ar chúinsí scoláirí aonair.

Tá ríthábhacht ag baint leis an eolas atá ag múinteoirí ar a scoláirí d’fhonn riachtanais na scoláirí a aithint, mar aon le heolas tuismitheoirí ar a leanaí agus guth na scoláirí féin. Beidh gá dá réir le cur chuige comhoibritheach idir múinteoirí ábhair, MOSanna, baill eile den Fhoireann Tacaíochta Scoláirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna), tuismitheoirí, scoláirí agus daoine eile chun riachtanais na scoláirí a aithint ar fud an chreata um *Leanúntas Tacaíochta*. D'fhéadfaí riachtanais a shainaithint bunaithe ar thosca éagsúla agus d’fhéadfadh siad seo a bheith san áireamh, ach gan bheith teoranta dóibh:

- Riachtanas speisialta oideachais measúnaithe agus/nó aitheanta
- Riachtanais folláine lena n-áirítear riachtanais shóisialta, mhothúchánach agus/nó iompraíochta, féinmheas agus féinmhuinín na scoláirí
- Riachtanais rochtana curaclaim
- Dul i ngleic le mothúcháin aonraithe, leibhéil imní, riachtanais litearthachta agus uimhearthachta
- Dícheangal ón bhfoghlaim, go háirithe mar thoradh ar phaindéim COVID agus an cur isteach ar an bhfoghlaim dá bharr sin.

Beidh liosta aitheanta cheana féin ag scoileanna de na scoláirí sin a bhfuil riachtanais foghlama speisialta nó breise aitheanta acu, iad siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais, agus iad siúd a raibh sé deacair orthu teagmháil nó ath-theagmháil a dhéanamh athuair leis an scoil. Trí phróisis chomhoibritheacha scoile uile, ba cheart don scoil athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí atá ar fáil maidir le leibhéal gafachta, tinrimh agus rátaí rannpháirtíochta na scoláirí go léir le linn thréimhsí dúnta seo na scoileanna, agus a n-athoscailt. Tríd an bpróiseas seo, féadfaidh scoileanna scoláirí a bhfuil riachtanais ag teacht chun cinn dóibh agus a bhfuil tacaíocht shonrach de dhíth orthu a aithint.

Ba chóir am a thabhairt do mhúinteoirí a bheith i dteagmháil arís lena scoláirí agus do scoláirí a bheith gafa arís lena múinteoirí, lena gcomhghleacaithe agus lena bhfoghlaim. Sula ndéantar scoláirí a d’fhéadfadh tairbhe a bhaint as na tacaíochtaí breise a chuirtear ar fáil tríd an gclár CLASS a aithint, ba cheart go leor ama a thabhairt chun ath-rannpháirtíocht scoláirí a éascú agus am chun socrú isteach ar scoil agus chun caidreamh piaraí a bhunú/athbhunú. Ba cheart aird a thabhairt freisin ar aois agus céim scoláirí agus a bpointe aistrithe idir céimeanna. Ar na cúiseanna seo, beidh na huaireanta breise a sholáthraíonn an clár CLASS ar fáil do scoileanna ón 11 Deireadh Fómhair 2021.

Ba chóir don phríomhoide, i gcomhar le baill foirne ábhartha eile, cinneadh a dhéanamh maidir leis na scoláirí ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh chun CLASS a úsáid agus ba chóir a chinntiú go ndéantar na hacmhainní a sholáthraítear a dhíriú orthu siúd is mó a bhfuil gá acu leo, agus go mb’fhéidir nach bhfuil leas á bhaint acu as an soláthar breise atá cheana sa scoil.

## Teagasc agus Foghlaim: Conas is féidir le scoileanna na hacmhainní breise teagaisc a úsáid?

Tá neamhspleáchas ag scoileanna cinntí fianaisebhunaithe a dhéanamh maidir le conas na tacaíochtaí breise teagaisc seo a úsáid go héifeachtach chun soláthar a dhéanamh do scoláirí a sainaithníodh go raibh an tionchar ba mhó ag Covid orthu agus de réir na treorach atá ar fáil sna *Treoirlínte d'Iar-Bhunscoileanna Ag Tacú le Scoláirí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (2017).* Ba chóir do mhúinteoirí, a bhfuil baint acu leis an gclár foghlama a sholáthar, a bheith gafa go comhoibritheach i bpleanáil na n-eispéireas foghlama. Ba chóir aird chuí a thabhairt ar thuairimí tuismitheoirí agus scoláirí maidir le dúshláin bhraite ó thaobh lánrannpháirtíochta agus rannpháirtíocht san fhoghlaim agus riachtanais atá ag teacht chun cinn. Ba chóir deiseanna a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do scoláirí a dtuairimí a roinnt faoi na tacaíochtaí atá de dhíth chun an rath is fearr san fhoghlaim a chinntiú. Ba chóir go leanfadh an chomhpháirtíocht seo le linn na scoilbhliana 2021/2022.

## Teagasc comhoibritheach

Tá ról an mhúinteora ábhair phríomhshrutha ó thaobh tacú le riachtanais foghlama aonair scoláirí thar a bheith tábhachtach agus tá freagracht chéadlíne ar mhúinteoirí ábhair as oideachas na scoláirí go léir atá ina ranganna. Dá bhrí sin, ba cheart gach iarracht a dhéanamh tacú le riachtanais bhreise agus éiritheacha scoláirí laistigh d'am ranga agus ba cheart aistarraingt scoláirí a íoslaghdú. D'fhéadfadh an teagasc comhoibritheach tacú go rathúil le scoláirí laistigh d'am ranga leis na hacmhainní breise faoi CLASS. Má úsáidtear teagasc comhoibritheach chun tacú le spriocscoláirí aonair ina ngrúpaí ranga príomhshrutha, ba cheart pleanáil éifeachtach a dhéanamh chun freastal ar shainriachtanais na scoláirí sin i gcomhar leis an múinteoir ábhair.

## Idirbheartaíochtaí grúpa beag nó aonair

Is féidir soláthar a dhéanamh chun scoláirí a aistarraingt d'idirghabhálacha spriocdhírithe aonair agus/nó grúpa, idirghabhálacha faoi cheangal ama nuair is gá. Bealach éifeachtach chun acmhainní a úsáid is ea idirghabhálacha spriocdhírithe do ghrúpaí beaga ina n-úsáidtear cláir fianaisebhunaithe do scoláirí a bhfuil riachtanais chomhchosúla acu. Ba cheart, áfach, tionchar na haistarraingthe ar rochtain scoláirí ar an gcuraclam lena mbliainghrúpaí a mheas go cúramach.

## Cuir Chuige Teagaisc

Tá ríthábhacht ag baint le cuir chuige éifeachtacha teagaisc chun tacú le foghlaim bhreise nó riachtanais speisialta oideachais scoláirí, cibé acu i gcomhthéacs teagaisc príomhshrutha nó mar theagasc breise do ghrúpaí beaga. Nuair a bhíonn tacaíochtaí á gcruthú do scoláirí,

beidh cuir chuige oideolaíocha éifeachtacha thar a bheith tábhachtach chun tacú le foghlaimeoirí rath a bheith acu ar a bhfoghlaim agus mothú ratha a bheith acu.

Áirítear i measc na dtreoirlínte do chineálacha éifeachtacha cur chuige teagaisc:

- Riachtanais na bhfoghlaimeoirí a aithint go soiléir
- Cuspóirí soiléire foghlama mar aon le ham don mhachnamh ar an bhfoghlaim a sholáthar
- Scafláil chéimnitheach ar an bhfoghlaim agus ar scileanna
- Am tiomnaithe chun na scileanna a bhaineann le foghlaim conas foghlaim a threisiú agus a chleachtadh
- Am feithimh a sholáthar chun smaoineamh agus chun ceisteanna a fhreagairt
- Úsáid a bhaint as eagraithe grafacha agus mapaí intinne
- Úsáid a bhaint as cuir chuige oideolaíochta ina mbíonn gá le foghlaim ghníomhach
- Deiseanna a sholáthar d'fhoghlaimeoirí le bheith ag obair i gcomhar le piaraí
- Aiseolas a sholáthar go rialta chun an scoláire a spreagadh chuig na chéad chéimeanna eile
- Quizeanna agus comórtais a úsáid chun spreagadh a ghríosadh agus chun an fhoghlaim a bheith taitneamhach.

## Tacaíochtaí ag Am Lóin

Féadfar na hacmhainní CLASS a úsáid chun idirghabhálacha spriocdhírithe a sholáthar ag am lóin do scoláirí aitheanta. Cruthaíonn gníomhaíochtaí am lóin deiseanna do scoláirí ag aoiseanna éagsúla idirghníomhú go sóisialta, scileanna cumarsáide agus teanga a fhorbairt, folláine a chur chun cinn, agus spraoi a bheith acu i dtimpeallacht shábháilte foghlama. Cruthóidh an cineál soláthair seo deiseanna do scoláirí taithí a fháil ar am ciúin, a bheith gafa leis an bhfoghlaim, caidrimh piaraí a fhorbairt agus/nó caidrimh nua a bhunú, an fhoghlaim a ghinearálú, agus tacaíocht dhírithe a bheith acu ó mhúinteoir. D'fhéadfaí gné shóisialta a fhí isteach in am sneaice sula dtosaíonn gníomhaíocht. Caithfidh fócas oideachasúil a bheith ag gníomhaíochtaí am lóin a thacaíonn le riachtanais aonair an scoláire mar atá aitheanta i gcomhad tacaíochta an scoláire. Caithfidh múinteoirí cáilithe aon ghníomhaíochtaí dá leithéid sin a sholáthar de réir mar atá sa chiorclán a ghabhann leis seo.

D'fhéadfadh siad seo a bheith mar chuid de na gníomhaíochtaí am lóin: clubanna lego/róbataic/cluichí, clubanna/coder dojo/minecraft/clubanna ríomhaireachta.

**CLÁR SPÓIRT**

Cuideoidh aon deiseanna ina ndéantar soláthar do scoláirí le bheith gníomhach go fisiciúil lena bhfolláine choirp. Ba cheart na gníomhaíochtaí seo a thairiscint ar bhealach a chinntíonn cleachtaí tógála foirne agus cóitseáil/meantóireacht piaraí. Ba cheart roinnt spóirt nó gníomhaíocht fhisiceach "nua" nár éirigh leis an scoil a thairiscint roimhe seo a chur san

áireamh ionas go mothaítear úire ann agus gur tosaitheoir gach duine. Cuireann scileanna nua le feabhsú na folláine.

**CEOL**

Ba cheart clubanna ceoil ag am lóin mar a mbíonn scoláirí ag scríobh a gcuid amhrán féin agus ag seinm/taifeadadh na n-amhrán agus na rapanna le chéile nuair is cuí.

**CLUB DRÁMAÍOCHTA**

Cruthaíonn an drámaíocht bealach sármhaith do scoláirí le dul i dteagmháil lena chéile, iad féin a chur in iúl agus scileanna sóisialta agus teanga a fhorbairt. D'fhéadfadh scoileanna tacú le grúpaí beaga scoláirí chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cuí bunaithe ar dhrámaíocht.

# Folláine

Cruthóidh an t-am breise teagaisc deis do scoileanna dul i ngleic le tionchar na paindéime ar fholláine daoine óga. Bíonn an fholláine mar réamhriachtanas don, agus mar thoradh ar, fhoghlaim rathúil.

Is féidir leanúint le folláine scoláirí a thacú trí theacht aniar a chothú ag baint úsáid as na cúig phríomhphrionsabal[1] chéanna a bhí in úsáid chun teacht aniar a chothú i bpobail scoile le linn na paindéime.

- **Mothú sábháilteachta** a chothú – ionas go mothaíonn scoláirí go bhfuil siad sábháilte, go fisiciúil agus go síceolaíoch, agus go bhfuil na daoine atá timpeall orthu sábháilte
- **Mothú suaimhnis** a chothú – ionas go mothaíonn scoláirí ar a suaimhneas, socair agus stuama (rialaithe)
- **Mothú muintearais agus nascachta** a chothú – ionas go mbíonn scoláirí i dteagmháil athuair lena gcairde agus a gcomhscoláirí, agus leo siúd i bpobal na scoile a thuigeann iad agus a thacaíonn leo
- **Mothú féin-éifeachtúlachta agus éifeachtúlacht pobail** a chothú – ionas go gcreideann scoláirí gur féidir leo rudaí a láimhseáil agus an méid is gá a dhéanamh go haonair agus mar phobal scoile
- **Mothú dóchais** a chothú – ionas go gcreideann scoláirí go mbeidh gach rud ina cheart

[1] Tá an creat a d'fhorbair Hobfoll et al. (2007) chun tacú le teacht aniar agus filleadh ar gnáthnósanna le linn agus i ndiaidh imeachtaí trámacha mar bhonn leis an treoir seo

D'fhéadfadh cuir chuige mar seo a leanas cabhrú le scoláirí a leanann ag streachailt le dul i dteagmháil arís leis an bhfoghlaim tar éis na tréimhse socraíochta tosaigh:

- Cur chuige bunaithe ar láidreachtaí a ghlacadh - láidreachtaí, réimsí spéise agus cumais an scoláire a úsáid chun teacht aniar a fhorbairt agus mothú muintearais a chothú
- Cuidiú le scoláirí déileáil le hábhair imní trí straitéisí a theagasc agus a chleachtadh ar nós domhain análú, teicnící scíthe, féinchaint dhearfach, réiteach fadhbanna trí thascanna a bhriseadh síos i gcéimeanna beaga níos soláimhsithe, eolas a sholáthar ar bhealach inrochtana, agus scéalaíocht mar aon le teicnící eile a úsáid chun ábhair imní a láimhseáil, réitigh a chruthú agus teacht aniar a fhorbairt
- Naisc shóisialta agus cairdis a chothú
- Cuir chuige agus freagraí uilíocha a dhifreáil ag baint úsáid as scéalta sóisialta, sceidil, cuir chuige amhairc srl. Scileanna teagaisc chun tacú le hoiriúnú do ghnáthaimh nua agus iad ar scoil, lena n-áirítear teagasc follasach agus tacaíocht maidir le riachtanais sláinteachais ag úsáid íomhánna, físeáin agus athrá chun príomhtheachtaireachtaí a threisiú
- Cláir spriocdhírithe a úsáid chun inniúlacht shóisialta agus mhothúchánach a fhorbairt
- Comhoibriú leanúnach a chinntiú idir tuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí.

Tá moltaí breise ar fáil in Pacáiste Uirlisí Folláine SNSO – *Ag Tacú le Folláine Scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais* agus *Ag Tosú ar Scoilbhliain Nua – Ag Tacú le Folláine Phobail Scoileanna: Treoir do Scoileanna*.[2]

https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/acmhainni-follaine-snso-i-rith-covid-19/

Conas mar is féidir le scoileanna monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar  dhul chun cinn?

Mar chéim riachtanach i bpleanáil do thorthaí feabhsaithe do scoláirí ó thaobh a bhfolláine agus a ndul chun cinn san fhoghlaim, caithfear machnamh cuí a dhéanamh lena chinntiú go ndéanfaidh scoileanna monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn na scoláirí. Ba chóir do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar an meicníocht is fearr chun dul chun cinn scoláirí a fhaigheann tacaíocht ó idirghabhálacha agus acmhainní CLASS a thomhas. Ba chóir do scoileanna breathnú ar na cineálacha cur chuige scoile

[2] Tá treoir, tacaíocht agus faisnéis bhreise ar dheiseanna FGL do bhaill foirne scoile ar fáil ó sheirbhísí agus ó ghníomhaireachtaí tacaíochta na Roinne Oideachais, go háirithe SNSO agus CNOS (www.ncse.ie ) agus FSS ag an leathanach gréasáin gov.ie/backtoschool.

uile atá acu chun dul chun cinn scoláirí a rianú, a thaifeadadh agus a mhonatóireacht agus a chinntiú go n-úsáidtear iad seo a mhéid is féidir i gcás na n-idirghabhálacha atá curtha i bhfeidhm le hacmhainní CLASS.

Ba chóir go mbeadh struchtúr comhleanúnach ann chun sonraí a bhailítear faoi scoláirí aonair a aistriú chuig an bpearsanra ábhartha scoile. Ba chóir na sonraí seo a úsáid mar bhonn eolais do thacaíochtaí foghlama agus/nó folláine a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil sa todhchaí.

## Níl cead ag scoileanna na hacmhainní breise a úsáid chun:

- An cóimheas idir scoláirí agus múinteoirí do theagasc ábhair ghinearálta a laghdú
- Roghanna breise ábhar a sholáthar do scoláirí
- Rang-ghrúpaí níos lú a chruthú d'ábhair m.sh. Béarla/Matamaitic gnáthleibhéal
- Tacaíochtaí a sholáthar do scoláirí nár aithníodh trí na próisis atá leagtha amach thuas

## Príomhtheachtaireachtaí

- Ba cheart na hacmhainní breise atá ar fáil do scoileanna faoin gclár tacaíochta CLASS a úsáid do na scoláirí sin a bhfuil tosaíocht tugtha ag scoileanna dóibh toisc go raibh an tionchar is mó ag COVID orthu, lena n-áirítear iad siúd nár thug an scoil iad faoi deara roimhe seo mar scoláirí a raibh gá acu le tacaíochtaí breise
- Ba chóir na scoláirí a dtugtar tosaíocht tacaíochta dóibh faoin gclár CLASS a aithint trí phróiseas comhoibritheach láidir scoile uile, ar bhealach fianaisebhunaithe ag baint úsáid as na sonraí atá ar fáil sa scoil
- Ba cheart na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do scoláirí atá ann cheana agus a bhfuil tosaíocht as an nua acu a oiriúnú chun freastal ar riachtanais na scoláirí sin ar bhealach ionchuimsitheach
- Ba chóir do scoileanna a chinntiú go ndéantar dul chun cinn scoláirí a fhaigheann tacaíocht ó idirghabhálacha agus acmhainní CLASS a thomhas agus a thuairisciú.

## Conclúid

Aithnítear leis an gclár CLASS go bhfuil scoileanna san airdeall faoi thionchar na paindéime ar an oideachas, go háirithe i gcás roinnt foghlaimeoirí a bhfuil RSO acu nó iad siúd ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Tugann an clár an tsolúbthacht do scoileanna saintacaíochtaí breise oideachais a chur i bhfeidhm do na foghlaimeoirí seo le linn na bliana acadúla reatha. Is iad riachtanais aitheanta na scoláirí ábhartha a chinnfidh nádúr na dtacaí scoilbhunaithe seo. Tá sé i gceist go gcuideoidh an doiciméad treorach seo le scoileanna díriú ar thacaíochtaí CLASS do na scoláirí sin a bhfuil na riachtanais is mó acu agus go soláthrófar treoir ar phríomhghnéithe chun an clár a phleanáil. Ba chóir go

rachadh ábhar agus cuir chuige na gclár i ngleic go soiléir leis na riachtanais agus na spriocanna aitheanta seo. Caithfidh múinteoirí a mbeidh an clár CLASS á sholáthar acu a bheith ar an eolas go hiomlán faoi riachtanais na scoláirí agus a bheith gafa leis an bpróiseas maidir le spriocanna a shocrú. Beidh monatóireacht inmheánach na scoile ar dhul chun cinn mar ghné riachtanach den chlár CLASS. Ba chóir taifead scríofa ar dhul chun cinn a choinneáil sa scoil agus a roinnt leis na múinteoirí a bhíonn ag an scoláire de ghnáth agus leis na tuismitheoirí.

Ba chóir ceisteanna a bhaineann le cuir chuige éifeachtacha teagaisc, foghlama agus measúnaithe mar atá sa treoir seo a chur chuig: classqueries@education.gov.ie